# TUARASCÁIL AR CHIGIREACHT RIALÁLA RÉAMHCHLÁRÚCHÁIN TUSLA
## Cigireacht Tosaigh ar Sheirbhís Nua atá Beartaithe

| | |
|---|---|
| **Uimhir Aitheantais Tusla:** | TU2023MH003 |

| | |
|---|---|
| **Ainm na Seirbhíse:** | Naíonra Bhaile Ghib CNNG |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Seirbhíse:** | Halla Pobail, Baile Ghib, Crosaire Bhaile Ghib, An Uaimh, Co. na Mí |

| | |
|---|---|
| **Seoladh Ríomhphoist:** | pattie@cnng.ie |

| | |
|---|---|
| **Ainm an tSoláthraithe Cláraithe Beartaithe:** | Ray Mac Pháidín |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cineál na Seirbhíse Beartaithe:** | **Cúram Lánlae:** | | **Cúram páirtaimseartha:** | | **Buail Isteach** | |
| | **Seisiúnach** | ✓ | **Feighlíocht Leanaí** | | **Sealadach** | |

| | |
|---|---|
| **Cineál na seirbhíse beartaithe:** | Seirbhís Sheisiúnach |
| **Líon Beartaithe na Leanaí:** | 11 |
| **Toradh Chigireacht F06:** | Seirbhís Sheisiúnach<br>Líon beartaithe na leanaí: 11<br>Réimse aoise bheartaithe: 2 bhliain & 8 mhí - 5 bliana d'aois<br>Uaireanta oscailte beartaithe: 9.00am go 12.00 am nóin |
| **Seirbhís Chláraithe:** | Seirbhís Sheisiúnach Chláraithe le haghaidh 11 leanbh |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 1 | 9 | 0 | 7 | 2 | 0 | 2 | 3 |

| | |
|---|---|
| **Cigireacht arna déanamh ag:** | AM Cunningham |
| **Teideal:** | Cigire na Luathbhlianta |

| | |
|---|---|
| **Seoladh Chigireacht Luathbhlianta Tusla:** | Cigireacht na Luathbhlianta<br>An tIonad Acmhainní Teaghlaigh<br>Bóthar an Choimín<br>An Uaimh, Co. na Mí: |

| |
|---|
| **Réasúnaíocht na Cigireachta** |
| **Seirbhís Nua Beartaithe** |

**Nóta: Úsáid oifige amháin, le comhlánú ag an Oifig Clárúcháin**

| | |
|---|---|
| **Stádas Clárúcháin:** | Seirbhís Sheisiúnach Chláraithe le haghaidh 11 leanbh |
| **Dáta Cláraithe:** | 11 Lúnasa 2023 |

| Údarás chun cigireacht a dhéanamh |
|---|
| Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(D) den Acht um Chúram Leanaí, 1991, (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an tSeirbhís** | Tá an tseirbhís lonnaithe sa chlubtheach sa pháirc CLG i mBaile Ghib. Feidhmíonn an tseirbhís as seomra sa chlubtheach agus is tríd an bpríomhdhoras tosaigh a thagann daoine isteach sa tseirbhís. Tá sé beartaithe ag an tseirbhís seirbhís sheisiúnach a chur ar fail do 11 leanbh réamhscoile óna 9am go dtí 12pm gach lá. |
| **Áitreabh** | Tá seomra cúraim amháin sa tseirbhís, agus tá cóiríocht sláintíochta ar fáil sa halla díreach in aice leis. Tá dhá leithreas agus báisín níocháin amháin sa chóiríocht sláintíochta. Tá leithreas foirne amháin ar fáil san fhoirgneamh. |
| **Soláthar foirne** | Fostófar ball foirne amháin sa tseirbhís. |
| **Modheolaíocht** | Cigireacht fhógartha a bhí sa chigireacht seo agus é mar aidhm aici measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) Rialacháin 2016 agus an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasú) Rialacháin 2016. Ar chúiseanna na cigireachta seo, dírítear ar rialacháin faoi dhá théama: Rialachas; Sláinte, Leas agus Forbairt Leanaí; Sábháilteacht agus Áitreabh.<br><br>Tá torthaí na cigireachta seo bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas trí imscrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid, trí bhreathnóireacht dhíreach a dhéanamh agus trí phlé a dhéanamh le baill foirne ábhartha leagtha amach sa tuarascáil ar an gcigireacht agus cuirtear san áireamh iad agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an iarratas ar chlárúchán. Ar chúiseanna éagsúla, forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear, lena n-áirítear ar chúiseanna soiléireachta; ar chúiseanna iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh. Is í an Chigireacht a thiomsaíonn ábhar na tuarascála. |
| **Buíochas** | Is mian leis an gCigireacht buíochas a ghabháil leis an soláthraí cláraithe beartaithe a bhí i láthair lá na cigireachta as a gcomhoibriú. |

| Cuid III - Bainistíocht agus Foireann | |
|---|---|
| **Rialachán 9 – Bainistíocht agus Earcaíocht** | |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe—*<br>*(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh.<br>Tá duine i bhfeighil ainmnithe agus duine i bhfeighil tánaisteach ainmnithe ag an tseirbhís. |

| Cuid III - Bainistíocht agus Foireann | |
|---|---|
| **Rialachán 11 - Leibhéil Foirne** | |
| *(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*<br>*(8) Gan dochar d'ailt (2) go (7)—*<br>*(c) cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí, i gcás go bhfuil an tseirbhís á hoibriú ag an duine i bhfeighil ina aonar nó ina haonar, go mbeidh an dara duine, atá eolach ar seirbhíse agus i riocht cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil chun an tseirbhís a oibriú, i gcóngar gairid don tseirbhís agus ar fáil chun freastal ar an tseirbhís i gcónaí d'fhonn cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil i gcás éigeandála.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | (1) Chinntigh an soláthraí cláraithe go mbeidh líon leordhóthanach daoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a bheidh i láthair sa tseirbhís réamhscoile. Beidh ball foirne amháin i láthair le 11 leanbh réamhscoile.<br>(8)(c) Tá duine eile ar fáil chun cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil i gcás éigeandála. |

| Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile |
|---|
| **Rialacháin 20 - Áiseanna Suaimhnis agus Súgartha** |
| *(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe—*<br>*(a) go bhfuil dóthain áiseanna oiriúnacha ar fáil do leanbh réamhscoile chun súgradh laistigh agus lasmuigh i rith an lae, ag cur san áireamh líon na leanaí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís, a n-aois agus an méid ama a chaitheann siad san áitreabh.*<br>*(b) go bhfuil áiseanna oiriúnacha ar fáil do leanbh réamhscoile chun suaimhneas a ghlacadh de lá agus d'oíche (má sholáthraítear seirbhís réamhscoile thar oíche).*<br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe —*<br>*(b) seirbhís cúraim lae iomlán, seirbhís cúraim lae pháirtaimseartha, seirbhís réamhscoile sheisiúnach nó seirbhís feighlíochta leanaí a aistreoidh go dtí áitreabh eile an 30 Meitheamh 2016 nó dá éis, go soláthrófar san áitreabh spás lasmuigh a bheidh oiriúnach agus slán sábháilte agus a mbeidh rochtain ar bhonn laethúil ag na leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís air.* |

| | |
|---|---|
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas seo a chomhlíonadh:<br><br>(1)(a) Tá aonaid seilfeanna sa seomra cúraim chun bréagáin agus trealamh a stóráil orthu lena n-úsáid ag na leanaí. Bhí réimse leathan spásanna sainspéisiúlachta ar fáil ina raibh go leor acmhainní chun spraoi faoi stiúir an linbh a spreagadh, e.g.cúinní baile, cúinní tógála, spásanna ealaíne agus ceardaíochta, bord gainimh agus uisce, leabharlann, bréagáin chun scileanna mínluaile a fhorbairt, ábhair shnáithithe, cláir pionnaí agus pionnaí.<br>(b) Bhí áit theolaí do leanaí sa seomra cúraim ina raibh mataí agus suíocháin bhoga chun deis a thabhairt do na leanaí sos a ghlacadh le linn an lae.<br><br>(2)(b) Bhí áit deas oiriúnach daingean ar fáil lasmuigh chun tosaigh ar an tseirbhís. |

| Cuid VI – Sábháilteacht | |
|---|---|
| **Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint** | |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | • Beidh doras na scoile dúnta go daingean agus ní osclóidh aon duine seachas ball foirne é chun rochtain ar an tseirbhís a rialú. Cuirfidh ball foirne fáilte roimh na leanaí agus iad ag teacht isteach chun na seirbhíse agus rachaidh an ball foirne sin leo chuig a seomra cúraim.<br>• Tá na geataí san áit spraoi lasmuigh daingean agus tá fál mórthimpeall ar an áit spraoi sin.<br>• Tá na doirse éalaithe saor ó bhac.<br>• Níl rochtain ag na leanaí ar aon cheann de na háiteanna stórála. |

| Cuid VI - Sábháilteacht | |
|---|---|
| **Rialachán 25– Garchabhair** | |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*<br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—*<br>*(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh.<br>(1) Chuir an tseirbhís fianaise ar fáil go bhfuil cúrsa cothrom le dáta do Fhreagróirí Garchabhrach déanta ag an mball foirne.<br><br>(2)(a) Tá bosca garchabhrach agus an trealamh cuí ann ar fáil sa tseirbhís slán daingean ach inrochtana.. Bíonn an bosca garchabhrach ar fáil i gcónaí do na leanaí réamhscoile. |

| Cuid VI - Sábháilteacht | |
|---|---|
| **Rialachán 26 – Bearta maidir le Sábháilteacht Dóiteáin** | |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—<br>(a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus<br>(b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.<br>(4) Taispeánfar in áit fheiceálach san áitreabh fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh.<br>(1)(a) Bhí leathanach taifid ar fáil chun druileanna tine a thaifeadadh.<br>(b) Tá teastais chothabhála ar fáil do na múchtóirí dóiteáin agus na haláraim dheataigh. Ba é mí Iúil 2022 an dáta ar theastais chothabhála na múchtóirí dóiteáin agus rinneadh na haláraim dheataigh a sheirbhísiú den uair dheireanach ar an 28 Aibreán 2023.<br><br>(4) Tá fógra ar taispeáint i dtaobh na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás dóiteáin. Tá ionad tionóil dóiteáin ar fáil. |

| Cuid VI - Sábháilteacht | |
|---|---|
| **Rialachán 28 – Árachas** | |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Cuireadh árachas iomlán ar fáil don Oifig Clárúchán, bailí ón 19 Bealtaine - 27 Samhain le haghaidh 22 leanbh ar bhonn seisiúnach. |

| Cuid VII – Ceanglais maidir le hÁitreabh agus Spás | |
|---|---|
| **Rialachán 29 – Áitreabh** | |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe<br>(a) go bhfuil struchtúr an áitribh slán seasmhach,<br>(b) sábháilte agus daingnithe,<br>(c) go soláthraítear solas, teas agus aerú sásúil oiriúnach san áitreabh,<br>(d) go ndéantar é a ghlanadh, a chothabháil agus a dheisiú, de réir mar is cuí, agus<br>(e) go bhfuil go leor leithris oiriúnacha ar fáil.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh.<br>(a) **Tá dea-bhail ar an áitreabh ar fad, de réir dealraimh.**<br>(b) Coimeádtar na príomhdhoirse iontrála isteach go halla an chlubthí faoi ghlas an t-am ar fad agus an tseirbhís réamhscoile ar siúl.<br>(c) Tá go leor solas sa tseirbhís, idir sholas nádúrtha agus shoilsiú saorga. |

| | |
|---|---|
| | Úsáidtear teaschaidéil chun an t-áitreabh a théamh. Tá teocht chomhthimpeallach na seomraí cúraim agus an chóiríocht slaintíochta laistigh den raon teochta molta, i.e. 18 - 22°C, ar lá na cigireachta.<br>Úsáidtear fuinneoga inoscailte den chuid is mó chun aeráil a chur ar fáil. Tá fuinneoga inoscailte sa seomra cúraim agus sa chóiríocht sláintíochta.<br>(d) Tá sceidil ghlantacháin cothrom le dáta ar taispeáint sa tseirbhís.<br>(e) Tá 2 leithreas agus báisín níocháin amháin (1) ar fad ar fáil do leanaí na seirbhíse - líon atá oiriúnach agus leordhóthanach dóibh.<br>Tá leacht gallúnaí, triomadóir láimhe agus tuáillí páipéir ar fáil lena n-úsáid ag leanaí na seirbhíse. |

| Cuid VII – Ceanglais maidir le hÁitreabh agus Spás | |
|---|---|
| **Rialachán 30 – Ceanglais maidir le hÍos-Spás** | |
| *(1) Faoi réir ailt (2) go (6), cinnteoidh soláthraí cláraithe go bhfuil go leor spáis 'bán' urláir ann le haghaidh obair, súgradh agus gluaiseacht na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*<br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláine nó seirbhíse cúraim lae páirtaimseartha go bhfuil an t-íos-spás 'bán' urláir arna sonrú i gcolún (3) de Sceideal 7 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Sceideal sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Sceideal ag an uimhir thagartha sin ar fáil do gach leanbh san aoisraon a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.* | |
| **Ceanglas comhlíonta:** | Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh.<br>(1) Tá go leor spáis urláir 'bán' ar fáil chun sábháilteacht, spraoi agus gluaiseacht leanaí na seirbhíse a chinntiú.<br><br>(2) Is féidir an ceanglas íosta maidir le spás a chomhlíonadh do na 11 leanbh réamhscoile atá beartaithe sa tseirbhís.<br>Tá an soláthraí cláraithe ar an eolas faoi na ceanglais íosta maidir le spás mar a leagtar amach i Sceideal 7.<br>• Ba ionann an spás urlár 'bán' sa Seomra Cúraim agus 37m$^2$, spás a chomhlíonann na ceanglais maidir le spás do na 11 leanbh réamhscoile idir 2 bhliain agus 8 mí agus 5 bliana a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ar bhonn seisiúnach. |

# TUSLA PRE- REGISTRATION REGULATORY INSPECTION REPORT
## Initial Inspection of Proposed New Service

| | |
|---|---|
| **Tusla I.D:** | TU2023MH003 |

| | |
|---|---|
| **Name of Service:** | Naionra Bhaile Ghib CNNG |

| | |
|---|---|
| **Address of Service:** | Halla Pobail, Baile Ghib, Gibbstown Cross, An Uaimh, Meath |

| | |
|---|---|
| **Email Address:** | pattie@cnng.ie |

| | |
|---|---|
| **Name of Proposed Registered Provider:** | Ray Mac Pháidín |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Type of Proposed Service:** | **Full Day Care** | | **Part-Time** | | **Drop-In** | |
| | **Sessional** | ✓ | **Childminding** | | **Temporary** | |

| | |
|---|---|
| **Proposed service type:** | Sessional Service |
| **Proposed Number of Children:** | 11 |
| **Outcome of the F06 Inspection:** | Sessional Service<br>Proposed number of children :11<br>Proposed age range: 2 years 8 months to 5 years<br>Proposed operating time: 09.00am to 12.00md |
| **Registered service:** | Registered Sessional Service for 11 Children |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Date of Inspection:** | 1 | 9 | 0 | 7 | 2 | 0 | 2 | 3 |

| | |
|---|---|
| **Inspection Undertaken by:** | AM Cunningham |
| **Title:** | Early Years Inspector |

| | |
|---|---|
| **Tusla Early Years Inspectorate Address:** | Tusla Early Years Inspectorate<br>Family Resource Centre<br>Commons Road<br>Navan, Co. Meath |

| |
|---|
| **Rationale for Inspection** |
| **Proposed New Service** |

**Note: For Office use only, to be completed by Registration Office**

| | |
|---|---|
| **Registration Status:** | Registered Sessional Service for 11 Children |
| **Date of Registration:** | 11th August 2023 |

| Authority to Inspect |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(D) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| **Description of Service** | The service is based in the clubhouse of the GAA grounds in Bhaile Ghib. The service is operating from a room in the club house and entering the building is through the main entrance door to the front of the building. The service proposes to accommodate 11 preschool children for a sessional service from 9.00am to 12.00pm each day. |
| **Premises** | There is one care room with sanitary accommodation just off the room in the hallway which consists of two toilets and one wash hand basin. A staff toilet is available within the building. |
| **Staffing** | One staff member will be employed in the service. |
| **Methodology** | The inspection was an announced inspection to assess compliance with the Childcare Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 and Childcare Act 1991 (Early Years Services) (Amendment) Regulations 2016. The Inspection focused on regulations under two themes; Governance, Health, Welfare and Development of the Child, Safety and Premises.<br><br>The findings on inspection based on information obtained through examination of documentation, direct observation, and discussion with relevant staff are documented in the inspection report and taken into consideration when making a decision in relation to the registering application. The Inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including: clarity; completeness; and, compliance with administrative and legal processes. The contents of the report are compiled by the inspectorate body. |
| **Acknowledgement** | The Inspector wishes to acknowledge the cooperation of the proposed registered provider who was present on the day of the inspection. |

| Part III - Management and Staff | |
|---|---|
| **Regulation 9 – Management and Recruitment** | |
| *(1) A registered provider shall ensure that—*<br>*(a) the service has a designated person in charge and a named person who is able to deputise as required.* | |
| **Requirement met:** | The requirement has been met.<br>The service has designated person in charge and a named deputy. |

| Part III - Management and Staff | |
|---|---|
| **Regulation 11 -Staffing Levels** | |
| *(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*<br>*(8) Without prejudice to paragraphs (2) to (7)—*<br>*(c)a registered provider of a sessional pre-school shall ensure that, where the person in charge operates the service single-handedly, a second person familiar with the operation of the service and in a position to provide assistance to the person in charge in operating the service is, at all times, within close distance of the service and available to attend the service to assist the person in charge in the event of an emergency.* | |
| **Requirement met:** | (1) The registered provider has ensured that an adequate number of adults will be working directly with the children attending the pre-school service. One staff will be present with 11 preschool children.<br>(8)(c) A second person is available to assist the person in charge in the event of an emergency. |

| Part V - Care of Child in Pre-school Service | |
|---|---|
| **Regulation 20 - Facilities for Rest and Play** | |
| *(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that—*<br>*(a) having regard to the number of pre-school children attending the service, their respective ages and the amount of time they spend on the premises, there are adequate and suitable facilities for each child to play indoors and, where required by these Regulations, outdoors, during the day, and*<br>*(b) there are adequate and suitable facilities for a pre-school child to rest during the day, and in the case of an overnight pre-school service, during the day and the night.*<br>*(2) A registered provider—*<br>*(b) of a full day care service, a part-time day care service, a sessional preschool service or a childminding service that moves premises on or after 30 June 2016,*<br>*shall ensure that a suitable, safe and secure outdoor space to which the preschool children attending the service have access on a daily basis is provided on the premises.* | |
| **Requirement met:** | This requirement has been met. |

| | |
|---|---|
| | (1)(a) The care room has low shelving units available for the storage of toys and equipment for the children. A wide range of defined interest areas were available, such as child-initiated play was enabled through the provision of resourced home corner areas, construction areas, arts and craft areas, sand and water table, and library areas, fine motor development toys, threading, pegs and boards.<br>(b)A cosy area consisting of mats and soft seats are available to the children in the care room to enable the children to take a rest as they require throughout the day.<br><br>(2)(b) A suitable secure outdoor area is available to the front of the service. |

| Part VI – Safety | |
|---|---|
| **Regulation 23 - *Safeguarding health, safety and welfare of child*** | |
| *A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.* | |
| **Requirement Met:** | • The door to the school will be secured and opened solely by a member of staff to control access to the service. A staff member will greet children to the service and accompany them to their care room.<br>• Gates at the outdoor area are secured, fencing surround the outdoor area.<br>• Emergency exits are unobstructed.<br>• All storage areas have been made inaccessible to pre-school children. |

| Part VI - Safety | |
|---|---|
| **Regulation 25 – First Aid** | |
| *(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*<br>*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children—*<br>*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and is available to the children attending the pre-school service at all times* | |
| **Requirement met:** | The requirement has been met.<br>(1) The service provided evidence that the staff member had up to date First Aid Responders (FAR) course.<br><br>(2)(a) A suitably stocked first aid box is provided in the service and is in a secure but accessible place. The first aid box is always available to the pre-school children. |

| Part VI - Safety | |
|---|---|
| **Regulation 26 – Fire Safety Measures** | |
| *(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of—<br>(a) any fire drill that takes place in the premises, and<br>(b) the number, type and maintenance record of fire fighting equipment and smoke alarms in the premises.<br>(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.* | |
| **Requirement met:** | The requirement has been met.<br>(1)(a) A record sheet is available to record fire drills.<br>(b) A maintenance certificates for the fire extinguishers and smoke alarms are available. The fire extinguishers maintenance certificate was dated July 2022 and the smoke alarms were last serviced on the 28th April 2023.<br><br>(4)A notice of the procedures to be followed in the event of a fire is displayed.<br>A fire assembly point is available. |

| Part VI - Safety | |
|---|---|
| **Regulation 28 – Insurance** | |
| *A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.* | |
| **Requirement met:** | Full insurance was provided to the Registration Office, valid from 19th May to 27th November for 22 Children on a Sessional basis. |

| Part VII – Premises and Space Requirements | |
|---|---|
| **Regulation 29 – Premises** | |
| *A registered provider shall ensure that the premises of the service are—<br>(a) of sound and stable structure,<br>(b) safe and secure,<br>(c) kept adequately lit, heated and ventilated,<br>(d) cleaned, maintained and repaired, as required, and<br>(e) equipped with adequate and suitable sanitary facilities.* | |
| **Requirement met:** | The requirement has been met.<br>(a)The premises appears to be in good condition throughout.<br>(b)The main entrance doors leading into the hallway of the GAA club are kept locked at all times during the operational hours of the preschool service.<br>(c) The premises is adequately lit by means of natural lighting supplemented by artificial lighting.<br>The premises is heated by means of heat pumps. The ambient temperatures of the care rooms and the sanitary accommodation are within the optimum care room temperature range of 18-22°C on the day of inspection. |

| | |
|---|---|
| | Ventilation is predominantly provided by means of openable windows. The care room and sanitary accommodation benefitted from openable windows.<br>(d) Up to date documented cleaning schedules are on display in the service.<br>(e) A total of 2 toilets serviced with 1 wash hand basin provide adequate and suitable sanitary accommodation for children in the service.<br>Liquid soap, an air hand dryer and paper hand towel are available for the pre-school children's use. |

| Part VII – Premises and Space Requirements | |
|---|---|
| **Regulation 30 – Minimum Space Requirements** | |
| *(1) Subject to paragraphs (2) to (6), a registered provider shall ensure that adequate clear floor space is available in the premises for the work, play and movement of children attending the pre-school service.*<br>*(2) A registered provider of a full day care service or a part-time day care service shall ensure that the minimum amount of clear floor space specified in column (3) of Schedule 7 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Schedule in respect of the age range of children specified in column (2) thereof at that reference number is available for each child in that age range attending the service.* | |
| **Requirement met:** | The requirement has been met.<br>(1) There is adequate clear floor space available for the safety, play and movement of the children currently attending the service.<br><br>(2) The minimum space regulatory requirement can be met for the proposed 11 pre-school children at the service.<br>The registered provider is aware of the minimum clear floor space requirements as specified in Schedule 7.<br>• The clear floor space in the Care Room measured 37m$^2$ which meets the space requirements for the proposed maximum number of 11 pre-school children aged 2 years 8 months to 5 years attending the service on a sessional basis. |